Rianta coise

Seo an bealach le cruth aon chrainn a dhéanamh:
- Tóg céim amháin chun tosaigh le rian coise amháin a dhéanamh agus téigh siar ansin ar do rian féin.

Nuair a thuigeann tú conas cruth aon chrainn a dhéanamh, is féidir foghlaim conas cruth dhá chrann a dhéanamh:
- Tóg dhá chéim chun tosaigh le dhá rian coise a dhéanamh.
- Cas ar chlé agus déan cruth aon chrainn.
- Cas ar dheis agus déan cruth aon chrainn.
- Téigh siar ansin ar do rianta féin.

Tá sé éasca a mhíniú conas cruth trí chrann a dhéanamh toisc go bhfaightear cruthanna dhá chrann i gcruth trí chrann:
- Tóg trí chéim chun tosaigh le trí rian coise a dhéanamh.
- Cas ar chlé agus déan cruth dhá chrann.
- TCas ar dheis agus déan cruth dhá chrann.
- Téigh siar ansin ar do rianta féin.

CEIST

D'fhéadfá cruth ceithre chrann a dhéanamh ar an mbealach céanna. Is cruth ceart ceithre chrann é ceann de na híomhánna seo a leanas. Cén ceann?

A.



B.



C.



D.



Computational thinking resources for teachers by Maynooth University – pact.cs.nuim.ie
Original © 2014 Bebras, modifications © 2022 Maynooth University, Licence: CC-BY-NC-SA 4.0
Aistriúchán Gaeilge arna mhaoiniú ag COGG

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Fondúireacht Eolaíochta Éireann
Dá bhfuil romhainn
Science Foundation Ireland
For what's next

SMART FUTURES